

Tagair red Mhac, a Mhuire

[McKenna, L.: *Dán Dé: The poems of Donnchadh Mór Ó Dálaigh, and the religious poems in the duanaire of the Yellow Book of Lecan*, Dublin, 1922, poem 15]

Tadhg Ó hUiginn .cc.

1 Tagair red Mhac a Mhuire  
gabh chugat ar gcionntai-ne  
tagra linn gidh doiligh dheit  
is sinn ar n-oidhidh th'éinMheic.

2 Feadh m'aoise gidh eadh ro bheinn  
'gá díol a inghean laichim  
biaidh muna thagra tusa  
agra im dhiaidh nar dhíolus-sa.

3 Ní chreidim gomadh cóir dhamh  
as t'ucht a Mhuire mháthair  
sgáth re freagra dá bhfuigheim  
gidh fáth eagla an t-urfhuigheall.

4 Do las an teidhm truagh an bhrad  
gabh mo chomhairche chugad  
mar lasair i ló thirim  
asaibh as mhó mhuinighim.

5 A mhuime Mheic an Athar  
a-tá an loise ar leathnachadh  
tú do fhéadfadh a shearg sin  
gach leanb bréaghtar lé bhuimigh.

6 Bheith ag sgrios do bhráthar mbocht  
gé bheath diomdhach [don] dúthrocht  
do chíogh an uime do ibh  
a bhuime Ríogh an ríchidh.

7 Dá mbeath codhnach cláir nimhe  
gan anmain ar th'impidhe  
mairg a ógh do ríne ribh  
do chíghe d'ól i n-aisgidh.

8 Pian thall agus teidm i bhus  
do dlíghfidhe 'n-a ndearnas  
dá ndeach thír ar thruime ar gcean  
a bhuime chígh an Choimheadh.

9 Deaghailt ris na deich n-aithnibh

deacair muna deonaighthir  
níor linn gan fhoraire ann  
rinn gach chonaire chugam.

10 Diongaim díom an cholainn chuil  
bhíos ag aimhleas ar m'anmain  
no múin a inghean Anna  
dúinn ar n-innreadh eatorra.

11 Ón lá tánag i dtalamh  
mé an t-éigne is é ar mearaghadh  
cuir slán ar an inbhear inn  
ón trágh a inghean laichim.

12 Do thogh mé tar do Mhac-sa  
budh aithreach an t-iomlat-sa  
an saoghal ós é as ghoire  
mé ag taobhadh ré thrócuire.

13 Gníomh éigin níor fhoráil damh  
do chuíteachadh mo chionntadh  
gan adhbhar ní bhí buidheach  
Rí an talmhan gidh trócuireach.

14 A Mhuire ógh as ard cuing  
bí ag aighneas let fhear cumainn  
déana an ní fá dtánaig tú  
bí led námhaid [at neasú].

15 Fear [tarraing] riamh roimhe soin  
é dá chloinn i gcion Ádhaimh  
re linn a chéilidhe id chlí  
sinn d'éinfhine is an t-Airdrí.

16 Go dtáinig Rí an bheatha id bhroinn  
níor chríochnuigh agra an ubhoill  
is dítot thánaig ó thosaigh  
námhaid d'íoc na hagrasain.

17 Mar bhráighid bhíos i ngeimhil  
i ngioll i nglas Lúicheibhir  
do bhámair an tann tugadh  
clann Ádhaimh ar fhuaslugadh.

18 Do gealladh dar mbuain a broid  
do Mhac do theacht sul tárnaig  
do bhí i dtarrngoire a thoigheacht  
a dhaghMhoire ar deoroidheacht.

19 Táinig a tigh a Athar  
Rí nimhe dar neartachadh  
ar amhsaine do bhí id bhroinn  
do b'í ar n-annsai-ne a fhochoinn.

20 Do orduigh dá asbal déag  
ris an gcreidimh do choimhéad  
do bhí an Rí féin 'n-a bhfarradh  
léim ar thí gé thugamar.

21 Do ghrádhuigh sul do ghabh corp  
tú ar th'óighe is ar th'umhlocht  
do ghabh sé lat id leanabh  
Mac Dé re n-a dhuineaghadh.

22 Mar asgaidh ndeidheanaigh dhuid  
tug an Dúileamh a-dearmuid  
dá fhear déag as gach dhomhan  
seal re n-éag dot fhiosroghadh

23 An lá do dheonuighis dul  
a Mháthair Dé don domhan  
na hasbhail a Mhuire mhór  
uile an tannsain ar dtionól.

24 Do chaoi Pilib is Peadar  
'gat fhaicsin i n-airteagal  
níor lugha a mbrón a bhanógh  
cumha ar Phól 's ar Pharrthalón.

25 Maithias níor urusa dhó  
ar Lúcas do luigh cumha  
Matha fa mór a thoirrse  
brón Tatha fad thuaram-se.

26 Gér lán do dhoimheanma an dias  
Tomás asbal is Ainnrias  
id dheoidh fa truime toirrse  
Eoin Bruinne do bhráthair-se

27 Do bhí a oiread is í a shuim  
ar Iacób ar th'fhear chumainn  
a Mhuire a mháthair an Ríogh  
ré bhráthair oilé d'imshníomh.

28 Do bhiodhbhaidh ag a bhacadh  
do chorp iodhan d'adhlacadh  
colg innillte re a n-aghaidh  
imirche ag na hasbalaibh

29 Níor fhlang le Dia na ndúl  
do chorp ar éigin d'fhosdúdh  
do bhí ar uille na n-easbal  
Rí an chruinne sa choimheasgar.

30 Ar fheirg don Athair neamhdha  
duid fa damhna soimheanma  
do chuaidh a Mhuire an masla  
fuair do chuire comthach-sa.

31 Rug do mhíorbhule a Mhuire  
ar n-éirghe don phoraire  
ó lucht an innichthe a ógh  
an imirche gan fhosdódh.

32 Don eileatrom 'gá fhosdadh  
an lá-sain do leanasdar  
barr gach láimhe a ógh iodhan  
lór a áille d'innioghadh.

33 Rinn a bhaise do bhreith  
lais a ógh do fhuair an sanais  
nocha bhíodh ar neart do neoch  
díobh is gan teacht ar taithleach.

34 Teaghlaigh an tighe neamhdha  
id thimcheall 's a dTighearna  
do chorp a naomh Muire a-nonn  
ar dtocht d'aonuidhe is t'anam.

35 Sir a maitheamh ar do Mhac  
a mháthair Íosa a ógshlat  
an taobh is an troigh gonta  
lér shaor soin na seanfholta.